C/2026/4062

23.7.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12508 — IGA HOLDING / UNIFREE / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/4062)

1. An 13 Iúil 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— İGA Holding A.Ş. ('İGA Holding', an Tuirc), faoi rialú Kalyon Havacılık ve İnşaat A.Ş. ('Kalyon Havacılık', an Tuirc) agus Cengiz İnşaat Sanayi ve Ticaret A.Ş. ('Cengiz İnşaat', an Tuirc),

— Unifree Duty Free İşletmeciliği Anonim Şirketi ('Unifree', an Tuirc) faoi rialú Gebr. Heinemann SE & Co. KG ('GH', an Ghearmáin) agus grúpa daoine aonair,

— Cuideachta nuachruthaithe (an 'Sprioc-chomhfhiontar', an Tuirc).

Gheobhaidh IGA Holding agus Unifree comhrialú de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc ar chomhfhiontar nuachruthaithe.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Déanann İGA Holding gníomhaíochtaí sealbhaíochta trí scaireanna a fhochuideachtaí a oibrítear ag Aerfort Iostanbúl a shealbhú, lena n-áirítear an chuideachta a ghníomhaíonn mar oibreoir Aerfort Iostanbúl,

— Tá Unifree, in éineacht lena fhochuideachtaí agus lena chomhfhiontair, ag gabháil do ghníomhaíochtaí siopaí miondíola saor ó dhleacht/luacha taistil ar fud an domhain, ach sa Tuirc go príomha.

3. Is éard a bheidh i ngníomhaíochtaí gnó an Sprioc-chomhfhiontair siopaí miondíola taistil atá suite ag Aerfort Iostanbúl a oibriú chomh maith le gníomhaíochtaí miondíola taistil a dhéanamh ag aerfoirt eile.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12508 — IGA HOLDING / UNIFREE / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË